Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**5874/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0015(BUD)**

**FIN 97**
**SOC 56**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5668/22 (COM(2022) 25 final) |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh (EGF/2021/000 TA 2022 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún) |

1. An 26 Eanáir 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh, maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2022 ag gabháil leis[1].

2. Tá sé mar aidhm leis an togra EUR 290 000, ar fad, a shlógadh ar thionscnamh ón gCoimisiún chun cúnamh teicniúil a bhaineann le CED a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán CED an 28 Aibreán 2021[2]. Is é cuspóir an chúnaimh theicniúil an líonrú a chur chun cinn i measc na mBallstát, infheictheacht CED a chur in iúl agus a mhéadú, córas chun sonraí leictreonacha a mhalartú a chothabháil agus a nuashonrú agus sonraí a bhailiú maidir le hiarratais a fuarthas, a íocadh agus a foirceannadh, agus maidir le bearta a moladh agus a cuireadh chun feidhme.

[1] 5669/22.
[2] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 1 Feabhra 2022 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, mar a leagtar amach in 5875/22 é, a fhormheas.